Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2022

# STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 300 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Treoracha d'iarrthóirí:**

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus Roinn 3 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 6 *agus*
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair codanna A, B agus C as gach ceann de **dhá** thopaic.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***Conspóid Ollscoil Chúil Raithin***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén fáth ar bunaíodh Coiste Lockwood, de réir dhoiciméad A?

   (b) Cá raibh an cruinniú poiblí ar siúl, de réir dhoiciméad A?

   (c) Cén seomra ar tugadh ceannairí na hagóide isteach ann, de réir dhoiciméad B?

   (d) Cé a bhí mar Phríomh-Aire ar Thuaisceart Éireann ag an am?

   (e) Cad a thug ceannairí na hagóide ar láimh, de réir dhoiciméad B?

(40)

2. (a) An dtugtar cúiseanna leis an agóid sa dá dhoiciméad? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) An dtagann an dá dhoiciméad le chéile faoi cheann scríbe an mhótarshlua agus an léirítear iontu gur chuid suntais an radharc é? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) Conas a thaispeántar i ndoiciméad A gur ghlac an scríbhneoir páirt san agóid? Déan tagairt don doiciméad i do fhreagra.

   (b) Cén luach a bhaineann leis an tuairisc nuachtáin i ndoiciméad B do staraí? Déan tagairt don doiciméad i do fhreagra.

(20)

4. Cén fáth ar roghnaíodh Cúil Raithin, seachas Doire, mar shuíomh don dara hollscoil i dTuaisceart Éireann?

(20)

**– Doiciméad A –**

**Sagart i nDoire ab ea an tEaspag Edward Daly in 1965. Sa sliocht coimrithe seo óna dhírbheathaisnéis smaoiníonn sé siar ar na himeachtaí a bhain le conspóid Ollscoil Chúil Raithin.**

Cheap rialtas Stormont Coiste Lockwood chun staidéar a dhéanamh ar cheist na hollscoile. Go luath in 1965 thug sceití eolais le tuiscint go raibh Lockwood chun Cúil Raithin, seachas Doire, a mholadh mar shuíomh na hollscoile nua.

Bhí uaibhéaltacht i nDoire go bhféadfaí a leithéid de chinneadh a ghlacadh. Tionóladh cruinniú poiblí i Halla na Cathrach. Cinneadh go n-eagrófaí mótarshlua chuig tithe na parlaiminte i Stormont [Béal Feirste] chun cás Dhoire a chur chun cinn.

Rinne breis agus 20,000 duine agus formhór na ngluaisteán sa chathair an turas. B'in é mo chéad uair i Stormont. Bhí an teach parlaiminte ollmhór ar thaobh an chnoic an-suntasach faoi mar a bhí an líon daoine a bhí bailithe os a chomhair.

Foinse: Edward Daly, *Mister, Are You a Priest?* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2000).

**– Doiciméad B –**

**Seo sliocht coimrithe as tuairisc san *The Irish Times*.**

Shroich mótarshlua agóide Béal Feirste inniu le cur in aghaidh an chinnidh an dara hollscoil a bhunú i gCúil Raithin seachas i nDoire. Dúirt an tUasal John Hume, duine de na ceannairí, is é Doire an t-aon lárionad daonra taobh amuigh de Bhéal Feirste atá sách mór chun a bheith mar shuíomh ollscoile.

Mháirseáil méara Dhoire agus ceannairí eile ó dhealbh Carson go dtí tithe na parlaiminte i Stormont. Ansin, tugadh iad chuig seomra príobháideach an Phríomh-Aire, an Captaen Terence O'Neill, áit ar thug siad doiciméid agus léarscáileanna ar láimh inar taispeánadh suíomhanna ina bhféadfaí ollscoil nua Dhoire a bhunú.

Ansin d'fhág an mótarshlua ina raibh 2,000 feithicil Stormont agus d'fhill sé ar Doire. Cuireadh roinnt moille ar thrácht agus an scuaine ag gluaiseacht trí Bhéal Feirste agus trí bhailte eile.

Foinse: *The Irish Times* (19/2/1965).

# ROINN 2: ÉIRE

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo do nithe a comhaontaíodh ag Sionad Dhurlais, 1850. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ní raibh cead ag sagairt dul chuig tithe tábhairne, rásaí capall ná amharclanna.*

*Ní raibh cead ag sagairt pharóiste níos mó ná cúig acra dhéag talún a bheith acu agus crosadh ar shagairt talamh ar bith a bheith acu gan toiliú na n-easpag.*

*Bhí cuirí le tabhairt do sheanmóirithe a raibh oiliúint speisialta curtha orthu teacht chuig paróistí chun cúrsaí spioradálta a thabhairt. Bhí cosc ar shagairt Aifreann a rá tar éis meán lae.*

*Bhí cumainn rúnda le cáineadh.*

Foinse: Bunaithe ar ábhar in Donnchadh Ó Corráin & Tomás O'Riordan (eag.), *Ireland, 1815-1870* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2011).

1. Cad iad na háiteanna siamsaíochta nach raibh cead ag sagairt dul chucu?
2. Cad é an píosa talún ba mhó a d'fhéadfadh sagart paróiste a bheith aige?
3. Cad é an cás ina bhféadfadh sagart talamh a bheith aige?
4. Cé dóibh ar tugadh cuirí chuig paróistí chun cúrsaí spioradálta a thabhairt?
5. Go hachomair, cén fáth ar ceapadh gur ghá Sionad Dhurlais a thionól in 1850?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna.
2. Tomás Dáibhis.
3. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.
4. An Cairdinéal Paul Cullen.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a reáchtáil Dónall Ó Conaill an feachtas ar son na hAisghairme agus cén fáth ar theip air?
2. Conas a d'fhreagair Asenath Nicholson agus/nó Charles Trevelyan don Ghorta in Éirinn?
3. Cén ról a bhí ag Charles Kickham agus/nó James Stephens san Fhíníneachas?
4. Cad a chuir William Carleton agus/nó William Dargan le saol na hÉireann?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as saothar Tom Hunt maidir le luathstair CLG. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ba sheaimpíní sinsir Chontae Phort Láirge iad baill Chumann Iománaíochta Chluain Fhia in 1903. B'as dhá baile fearainn in aice a chéile, Baile Uí Dhoirn agus Cillcheannbhuí, a tháinig bunús na foirne. Ba mhic le húinéirí teanna talún iad na príomhimreoirí, b'as teaghlaigh a raibh feirmeacha de bhreis ar 100 acra acu cúigear díobh.*

*Chuir teaghlach Uí Chiardhubháin ceannaireacht ar fáil. Bhí Séamas Ó Ciardhubháin ina chaptaen ar an bhfoireann, ar a raibh a dheartháir, Percy, freisin. Ní raibh an tríú deartháir, Rody, páirteach; ach, mar chléireach bainc a bhí lonnaithe i gContae Chiarraí, bhí sé ar fhoireann Chiarraí a bhuaigh craobhacha Uile-Éireann sa pheil in 1903 agus 1904.*

Foinse: M. Crown, W. Murphy agus P. Rouse (eag.), *The Gaelic Athletic Association, 1884-2009* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2009).

1. Cé a bhí mar sheaimpíní sinsir an chontae in 1903?
2. Cad iad na cineálacha teaghlach feirme ónar tháinig na príomhimreoirí?
3. Cérbh iad na baill de mhuintir Chiardhubháin a d'imir ar fhoireann Chluain Fhia?
4. Cad a bhain Rody Ó Ciardhubháin amach in 1903 agus in 1904?
5. Go hachomair, cad a chuir an tArdeaspag Croke le CLG?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Isabella Tod.
2. Gluaiseacht na gcomharchumann.
3. Stailc agus frithdhúnadh 1913.
4. Hanna Sheehy-Skeffington.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le toghcháin 1885 agus 1886 ó thaobh na hÉireann de?
2. Cad a chuir Michael Davitt le gnóthaí na hÉireann?
3. Cad a chuir W.B. Yeats leis an athbheochan chultúrtha in Éirinn?
4. Cén fáth a ndeachaigh Aontachtaithe i mbun feachtais in aghaidh Rialtas Dúchais d'Éirinn agus conas a rinne siad é sin?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo as tuairisc in *The Irish Times* dóibh siúd a tháinig le chéile chun tacú le toscaireacht na hÉireann chuig idirbheartaíocht an Chonartha, ar cuireadh tús léi i Londain ar an 11 Deireadh Fómhair 1921. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tháinig sluaite móra daoine le chéile ag an mbealach isteach chuig Sráid Downing chun féachaint ar thoscairí na comhdhála agus iad ag teacht i láthair. Ar an gceist 'An mbeidh Poblacht againn?' tugadh 'Beidh' mar fhreagra croíúil. Agus chualathas na gártha 'Na reibiliúnaithe abú'.*

*Níos déanaí, chuaigh na sluaite a bhí ag fanacht i mbun paidreoireachta, agus bhí formhór an tslua ar a nglúine agus an paidrín á rá acu.*

Foinse: luaite in Ronan Fanning, *Fatal Path: British Government and the Irish Revolution, 1910-1922* (Londain: Faber and Faber, 2013).

1. Cá háit agus cén uair a tharla an ghníomhaíocht a bhfuil cur síos uirthi sa sliocht?
2. Cén fáth ar tháinig na sluaite le chéile?
3. Cén cineál rialtais a luaitear?
4. Cén phaidir a dúirt an slua?
5. Go hachomair, tar éis filleadh na toscaireachta as Londain, conas a glacadh leis an gConradh in Éirinn?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An páirtí Rialtas Dúchais, 1912-1918.
2. Micheál Ó Coileáin.
3. Béal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda.
4. Evie Hone.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Pádraic Mac Piarais le gnóthaí na hÉireann?
2. Cad a bhain W.T. Cosgrave amach mar cheannaire rialtais, 1923-1932?
3. Cad iad na príomhimeachtaí a tharla le linn Chomhdháil Chorp Chríost, 1932?
4. Conas a thug de Valera faoi pholasaí neodrachta le linn an Dara Cogadh Domhanda?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Le linn dó a bheith i Meiriceá thug de Valera cuairt ar thearmann Indiach an Chippewa in Wisconsin (18 Deireadh Fómhair 1919). Déantar cur síos uirthi sa sliocht coimrithe seo as litir a chuir duine dá chomhluadar abhaile. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí lá iontach ag an gcomhluadar sa tearmann Indiach. Tá de Valera anois mar thaoiseach de chuid náisiún an Chippewa.*

*Bhí sé de phléisiúr againn a gcluichí agus a rincí dúchasacha a fheiceáil agus tugadh fiafheoil agus rís fhiáin dúinn le hithe.*

*Thug cúigear taoiseach de chuid na treibhe óráidí ina dteanga dhúchais agus thug siad bronntanais de shaothar coirníneach do de Valera. Ansin, d'aistrigh ateangaire a gcuid óráidí go Béarla.*

Foinse: David Fitzpatrick, *Harry Boland's Irish Revolution* (Corcaigh: Cork University Press, 2002).

1. Cén teideal a fuair de Valera ag an tearmann Indiach?
2. Cad iad na nithe a raibh sé de phléisiúr ag na cuairteoirí iad a fheiceáil?
3. Cad a tugadh do na cuairteoirí le hithe?
4. Cad a tairgeadh do de Valera?
5. Cad ab ea rud amháin a bhain de Valera amach i Meiriceá (Meitheamh 1919-Nollaig 1920)?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Domhnall Mac Amhlaigh.
2. Meon frith-Éireannach sa Bhreatain sa 19ú haois.
3. An tArdeaspag Daniel Mannix.
4. An tOrd Oráisteach i gCeanada agus san Astráil.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil Grosse Isle tábhachtach i stair na heisimirce as Éirinn?
2. Cén rath a bhí ar Mhisean Ord an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir, 1945-1966?
3. Cad a bhain an tEaspag Edward Galvin agus/nó an Mháthairab Mary Martin amach?
4. Cad iad na bealaí inar léirigh Maureen O'Hara agus/nó Paul O'Dwyer an t-eispéireas Gael-Mheiriceánach?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tráchtann an staraí Mary E. Daly ar shaol na mban sna 1960idí. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Sna 1960idí, tugadh deiseanna níos fearr do mhná oibriú mar rúnaithe, cléirigh agus múinteoirí. Bhí deiseanna pósta níos fearr ag mná freisin, agus súil acu socrú síos i dteach ina mbeadh saoráidí nua-aimseartha.*

*Tá cúis mhaith ann a chreidiúint go raibh mórán ban sásta a bheith ina mná céile agus ina máithreacha lánaimseartha, go háirithe de bhrí nár tugadh an deis do mhórán díobh siúd a chuaigh rompu an cineál sin saoil a bheith acu.*

*Cé go raibh níos mó cailíní ná buachaillí ag freastal ar an meánscoil, ba mhó an seans go bhfágfaidís nuair a bhí siad cúig bliana déag nó sé bliana déag d'aois agus ba lú an seans go rachaidís chuig an ollscoil.*

*I gcás fhormhór na mban, ba chéim shealadach idir an scoil agus an pósadh a bhí san fhostaíocht íoctha.*

Foinse: Mary E. Daly, *Sixties Ireland: Reshaping the Economy, State and Society, 1957-1973* (Cambridge: Cambridge University Press, 2016).

1. Cad ab ea cineál amháin oibre a bhí ar fáil?
2. Luaigh dóchas réasúnta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag mná.
3. Cén aois a bheadh cailíní, a bheag nó a mhór, nuair ba dhócha go bhfágfaidís an scoil?
4. Cad ab ea 'céim shealadach' i gcás fhormhór na mban?
5. Luaigh athrú amháin i stádas na mban sna 1970idí.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe meoin i leith na Gaeilge, 1949-1989.
2. Ballraíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe.
3. Tionchar CEE ar an iascach.
4. Jack Lynch.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a rinne Seán Lemass agus/nó T.K. Whitaker iarracht an saol a dhéanamh níos fearr do mhuintir na hÉireann?
2. Cén tionchar a bhí ag RTÉ ar shochaí na hÉireann?
3. Cad a chuir an tArdeaspag John Charles McQuaid le gnóthaí na hÉireann?
4. Cad a bhain Charles Haughey amach le linn a dhá théarma mar Thaoiseach?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo do New Lanark Robert Owen. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In 1799 cheannaigh Robert Owen muileann cadáis New Lanark taobh ó dheas de Ghlaschú, ar £60,000 agus d'aistrigh sé chuige ar an 1 Eanáir 1800. Chuir sé chuige dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú agus é ag súil le breis táirgeachta ón lucht oibre ar a shon sin.*

*Bhí tuairim is 1,800 duine fostaithe sa mhuileann, tuairim is 500 páiste ina measc. Laghdaíodh lá oibre na bpáistí ó 11¾ uair an chloig go 10¾ uair an chloig. Chuir Owen oideachas ar fáil freisin. Bhí canadh agus damhsa i measc na gceachtanna a múineadh agus níor ceadaíodh pionóis.*

Foinse: bunaithe ar ábhar in Juliet Gardiner (eag.), *The History Today Who's Who in British History* (Londain: Collins and Brown, 2000).

1. Cén líon iomlán oibrithe a bhí ann agus cá mhéad díobh ar pháistí iad?
2. Cén laghdú a rinneadh ar lá oibre na bpáistí?
3. Cad iad na ceachtanna a luaitear?
4. Cén chomaoin a raibh Owen ag súil léi as ucht feabhas a chur ar na dálaí?
5. Cad a bhí súil ag an gceardchumannachas agus/nó ag an sóisialachas a bhaint amach d'oibrithe monarchan?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Clemens Metternich.
2. Robert Peel.
3. An seirfeachas sa Rúis.
4. Ludwig van Beethoven.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar theip ar réabhlóid 1848 sa Ghearmáin ar deireadh?
2. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad iad na céimeanna a ghlac an Iodáil i dtreo na haontachta?
3. Cad a bhain Charles Darwin agus/nó Victor Hugo amach?
4. Cad iad na hathruithe a thug Haussmann i gcrích i gcathair Pháras?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo smaoiníonn polaiteoir Gearmánach siar ar chruinniú le Otto von Bismarck (Beirlín, 22 Feabhra 1880). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Sa tráthnóna bhí béile agam le Bismarck. Ag an mbord, óladh mórán fíona.*

*Ní raibh aon ghlacadh ag an Seansailéir le coilíneachtaí don Ghearmáin, anois ná ag am ar bith eile. Dúirt sé nach raibh cabhlach sách mór againn chun iad a chosaint agus nach raibh ár n-oifigigh rialtais sách oilte chun iad a bhainistiú.*

*Cheap sé gur cheart dúinn aontú le leathnú chríoch na Fraince san Afraic agus tacú leo i Maracó, mar mhalairt ar an Alsáis-Lorráin.*

Foinse: Stephen Brooks, *Nineteenth Century Europe: Documents and Debates* (Londain: Palgrave Macmillan, 1983).

1. Cén post a bhí ag Bismarck ag an am sin?
2. Cén tráth den lá a raibh an béile ann?
3. Cén fáth a raibh Bismarck in aghaidh coilíneachtaí a fháil don Ghearmáin?
4. Cad a theastaigh ó Bismarck ón bhFrainc mar mhalairt ar thacú i Maracó?
5. Luaigh éacht amháin de chuid Bismarck.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Frith-Sheimíteachas sa Fhrainc.
2. An Pápa Leo XIII.
3. Wilfred Owen.
4. Woodrow Wilson agus an Eoraip.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Wilhelm II le gnóthaí idirnáisiúnta?
2. Cad iad na forbairtí a tharla maidir le hairgeadh agus luathstair an ghluaisteáin?
3. Cad a chuir mná le hiarracht an chogaidh le linn an Chéad Chogadh Domhanda?
4. Cén tábhacht a bhain le Marie Curie agus/nó le Rosa Luxemburg?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

## Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.*

Sa sliocht coimrithe seo as a dhialann (30/12/1932) déanann an polaiteoir Sasanach Hugh Dalton cur síos ar chuairt ar Benito Mussolini. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Téim trí shraith fhada seomraí in Palazzo Venezia le feitheamh. Tá mórán bleachtairí i ngnáthéadach le feiceáil. Ar deireadh, treoraítear isteach mé i seomra ollmhór a raibh ballaí marmair ann. Ag an taobh thall den seomra tá an Duce* [Mussolini] *a bhogann chun cinn le bualadh liom.*

*Caithimid leathuair an chloig le chéile. Tá sé cuideachtúil agus éirimiúil, níl sé chomh hard agus a shamhlaigh mé a bheadh sé, ach tá sé téagartha.*

*Molaim an fuinneamh a thug mé faoi deara san Iodáil agus mé ag déanamh iontais cén fáth go raibh laige chomh mór sin i Sasana i bhfianaise na géarchéime eacnamaíochta. Déanann sé miongháire agus deir sé go bhfuil sin amhlaidh de bharr an iomarca seanfhear a bheith sna poist mhóra againn.*

Foinse: Ben Pimlott (eag.), *The Political Diary of Hugh Dalton* (Londain: Jonathan Cape, 1986).

1. Cá háit sa Róimh ar thug an scríbhneoir cuairt ar Mussolini?
2. Conas a thaispeántar go bhfuil Mussolini cosanta go maith?
3. Cén ghné den Iodáil a mholann an scríbhneoir?
4. Cén locht a fhaigheann Mussolini ar cheannaireacht Shasana?
5. Luaigh tréith amháin den fhaisisteachas a cheanglaítear le Mussolini.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. Seóthrialacha Stalin.
3. An tUileloscadh.
4. Bing Crosby.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a stiúir Hitler polasaí eachtrach idir 1933 agus 1939?
2. Cén fáth ar tharla máirseáil Jarrow, agus ar bhain sí a haidhmeanna amach?
3. Cé chomh maith agus a threoraigh Winston Churchill agus/nó Josef Stalin a thír le linn an Dara Cogadh Domhanda?
4. Cad a chuir Charlie Chaplin agus/nó Leni Riefenstahl leis an scannánaíocht?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo don Dara Comhairle Vatacánach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*D'athraigh an Dara Comhairle Vatacánach liotúirge agus teanga na hEaglaise Caitlicí. Níor úsáideadh an Laidin a thuilleadh sa chleachtas eaglasta laethúil, agus cuireadh teanga laethúil na ndaoine ina háit.*

*Rinne an Eaglais iarracht freagairt go dearfach don daonlathas liobrálach, do gheilleagair mheasctha agus don eolaíocht nua-aoiseach.*

*Mar sin féin, níor aisiompaigh sí an titim i gcleachtadh an chreidimh, fiú san Iodáil. Thit an freastal ar an Aifreann san Iodáil ó 69% in 1956 go dtí 48% in 1968.*

Foinse: bunaithe ar ábhar in Tony Judt, *Postwar: A history of Europe since 1945* (Londain: Penguin Books, 2005).

1. Cén teanga nár úsáideadh a thuilleadh i seirbhísí eaglasta laethúla?
2. Cén teanga a úsáideadh anois?
3. Cad ab ea réimse amháin a ndearna an Eaglais iarracht freagairt go dearfach dó?
4. Conas a d'athraigh an freastal ar an Aifreann san Iodáil?
5. Cé a bhí ina phápa nuair a thosaigh an Dara Comhairle Vatacánach?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Aeraistriú Bheirlín, 1948-1949.
2 Géarchéim na hola, 1973.
3. Simone de Beauvoir.
4. Margaret Thatcher.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla éirí amach san Ungáir in 1956 agus cén fáth ar theip air ar deireadh?
2. Cén tionchar a bhí ag gluaiseachtaí i dtreo na haontachta ar an Eoraip, 1945-1957?
3. Cad iad na hathruithe a thug Mikhail Gorbachev isteach san Aontas Sóivéadach?
4. Cad a chuir John Lennon le cultúr an phobail agus leis na mórmeáin chumarsáide?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo le Azouz Begag, an chéad aire rialtais riamh sa Fhrainc arbh as an Afraic Thuaidh a thuismitheoirí, pléann sé le caidreamh ciníoch sa Fhrainc. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In 1979 tharla caismirtí idir daoine óga agus póilíní sna banlieues* [ceantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste] *in Lyon.*

*Bhí dlús mór teaghlach ón Afraic Thuaidh a athlonnaíodh ó shlumaí agus ó bhailte seantán in aice láimhe sna bruachbhailte sin, nach raibh ach díreach tógtha.*

*Bhí an Fhrainc ag tabhairt faoi deara go raibh glúin nua ag cur fúithi ar thalamh na Fraince, glúin a shíolraigh ón inimirce agus ón gcoilíniú.*

Foinse: Azouz Begag, *Ethnicity and Equality: France in the Balance* (Lincoln agus Londain: University of Nebraska Press, 2007).

1. Cad iad na grúpaí a bhí in achrann le chéile in Lyon?
2. Cérbh iad siúd a raibh cónaí orthu sna bruachbhailte nua?
3. Cá raibh cónaí ar na teaghlaigh ón Afraic Thuaidh sular athlonnaíodh iad?
4. Cad é a raibh an Fhrainc ag tosú á thabhairt faoi deara?
5. Luaigh cúis amháin ar tháinig teaghlaigh ón Afraic Thuaidh le cur fúthu sa Fhrainc.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Géarchéim Suez, 1956.
2. Coinbhinsiúin Lomé.
3. Ho Chi Minh.
4. Nadine Gordimer.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharraing an Bhreatain amach as an India agus cad iad na fadhbanna a bhain leis an aistarraingt?
2. Cén fáth ar dhealaigh Katanga ón gCongó agus cén toradh a bhí ar an ngníomh sin?
3. Conas a d’fhreagair Charles de Gaulle d’éilimh na hAilgéire ar neamhspleáchas?
4. Cén pháirt a ghlac Achmad Sukarno i stair na hIndinéise?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as litir a scríobh saighdiúir Meiriceánach a bhí ar seirbhís i Vítneam chuig a thuismitheoirí. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cúpla lá ó shin, bhí mo bhuíon* [grúpa saighdiúirí] *ar mhisean chun trí log mianach amhrasta a ghlanadh. Chaitheamar an lá go léir ag glanadh na dtrí log ach níor thángamar ar rud ar bith. Nuair a bhíomar ag filleadh, léim duine de mo chomrádaithe den trucail agus anuas díreach ar mhianach talún. Séideadh an dá chos de.*

*Táim tar éis muinín a chailleadh as na Vítneamaigh mar go dtagann siad ag díol cácaí agus beorach linn agus ansin ritheann siad ar ais chun a insint do na Víotchongaigh cá mhéad dínn atá ann, cá bhfuil ár n-ionaid agus cá bhfuil ár gceannairí suite.*

Foinse: Bernard Edelman (eag.), *Dear America: Letters home from Vietnam* (Nua-Eabhrac: W.W. Norton Company, 1985).

1. Cé chuige ar scríobhadh an litir?
2. Cén misean a tugadh do bhuíon an scríbhneora?
3. Cén toradh a bhí ar an misean?
4. Cén fáth ar thosaigh an scríbhneoir ag cailleadh muiníne as na Vítneamaigh?
5. Luaigh cúis amháin ar chuir Lyndon Johnson trúpaí Meiriceánacha go Vítneam.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Harry Truman.
2. Géarchéim na ndiúracán i gCúba.
3. Muhammad Ali.
4. Bochtaineacht, drugaí agus coireacht uirbeach.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a sheas Marilyn Monroe do Hollywood agus don Aisling Mheiriceánach?
2. Conas a cuireadh baghcat bus Montgomery, 1955-1956, i gcrích agus cén rath a bhí air?
3. Cén tábhacht a bhain leis an tuirlingt ar an ngealach in 1969?
4. Cad iad na bealaí ar lochtaigh Betty Friedan agus/nó Norman Mailer gnéithe de shaol Mheiriceá?

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

An Ardteistiméireacht - Gnáthleibhéal

# Stair

Dé Céadaoin 15 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50